Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2018**
**(OR. en)**

**9719/18**

**JAI 586**
**CATS 40**
**CT 108**
**COPEN 182**
**ENFOPOL 300**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 4 Meitheamh 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9118/18 |
| Ábhar: | Íospartaigh na Sceimhlitheoireachta<br>- Conclúidí ón gComhairle (4 Meitheamh 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le hÍospartaigh na Sceithlitheoireachta, a ghlac an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ar an 4 Meitheamh 2018.

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE hÍOSPARTAIGH NA SCEIMHLITHEOIREACHTA

Déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an sceimhlitheoireacht ar cheann de na sáruithe is tromchúisí dá bhfuil ann ar na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, mar a léirítear in Airteagal 2 de CAE: meas ar dhínit an duine, an tsaoirse, an comhionannas, an dlúthpháirtíocht, cearta an duine agus na saoirsí bunúsacha.

TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndéantar iarracht le hionsaithe sceimhlitheoireachta damáiste tromchúiseach a dhéanamh do thír nó d'eagraíocht idirnáisiúnta agus is éard a bhíonn iontu ionsaí ar an daonlathas, ar an smacht reachta agus ar ár slí mhaireachtála. Dá bhrí sin, is iad íospartaigh na sceimhlitheoireachta a bhíonn thíos le hionsaí a chuireann isteach ar phrionsabail bhunúsacha an Aontais ar an mbealach is tromchúisí dá bhfuil ann. Ní mór do shochaithe daonlathacha i gcoitinne, agus do Bhallstáit an Aontais go háirithe, a áirithiú go soláthrófar freagairt chuimsitheach dá riachtanais, lena n-áirítear bearta cosanta, tacaíochta agus cúnaimh a ghlacadh[1].

MEASANN SÍ go mbaineann gné thrasnáisiúnta leis an bhfeiniméan reatha sceimhlitheoireachta, ó thaobh na ndéantóirí agus na n-íospartach de, i bhfianaise na spriocanna ollmhóra neamh-idirdhealaitheacha. Dá bhrí sin, ní mór béim a leagan ar an ngá atá le freagairt chomhordaithe iomchuí a thairiscint do na híospartaigh beag beann ar a n-áit chónaithe laistigh den Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 26 de Threoir 2017/541/AE.

CUIREANN SÍ I dTREIS go n-aithnítear le Straitéis Frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh 2005[2], a athbhreithníodh in 2014, gur dlúthchuid den fhreagairt don sceimhlitheoireacht ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach an dlúthpháirtíocht le híospartaigh na sceimhlitheoireachta agus lena dteaghlaigh mar aon le cúnamh agus cúiteamh a chur ar fáil dóibh.

---

[1] Bunaithe ar Aithris 27 go hAithris 29 agus ar Airteagal 2 de Threoir 2017/541/AE maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac.

[2] 14469/4/05.

ATHDHEARBHAÍONN SÍ go n-aithnítear le Treoir 2012/29/AE[3], atá infheidhme maidir le gach íospartach coireachta, go bhfuil gá ag íospartaigh na sceimhlitheoireachta le haire, tacaíocht agus cosaint, de bharr cineál sonrach na coireachta a rinneadh ina leith agus a bhí dírithe i ndeireadh na dála ar dhíobháil a dhéanamh don tsochaí. Iarrann sí ar na Ballstáit freisin, aird ar leith a thabhairt ar riachtanais íospartaigh na sceimhlitheoireachta agus ar riachtanais a dteaghlach agus iarracht a dhéanamh a ndínit a chosaint.

A mhéid a bhaineann le Treoir (AE) 2017/541/AE[4] maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, CUIREANN SÍ I bhFIOS go n-áirítear inti forálacha ar leith lena ndírítear ar íospartaigh na sceimhlitheoireachta chun freagairt níos dírí a dhéanamh do riachtanais shonracha íospartaigh na sceimhlitheoireachta amhail tacaíocht mhothúchánach agus shíceolaíoch díreach tar éis ionsaí sceimhlitheoireachta agus a mhairfeadh chomh fada agus a mbeadh gá léi, cóir leighis agus tacaíocht chun faisnéis a fháil maidir le haon ábhar dlí, praiticiúil nó airgeadais a bheadh ábhartha.

TUGANN SÍ DÁ hAIRE go n-aithnítear leis an Treoir an ceart chun faisnéis agus cúnamh a fháil d'fhonn cúiteamh atá ar fáil faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit ina ndearnadh an t-ionsaí a éileamh, i gcomhréir le Treoir 2004/80/CE[5] a bhaineann le cúiteamh d'íospartaigh coireanna i gcásanna trasteorann.

LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le comhar a chur chun cinn idir údaráis ábhartha na mBallstát i dtaca leis an tsaincheist sin chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag íospartaigh ar an bhfaisnéis is gá agus chun an próiseas sin a éascú dóibh, trí dheireadh a chur le haon ualach riaracháin nó dlí, agus trí mhoill neamhriachtanach a sheachaint, chun go bhféadfaidh siad a gcearta a éileamh.

MEABHRAÍONN SÍ go gcuireann Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 22 agus an 23 Meitheamh i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh gníomhartha sceimhlitheoireachta.

---

3 Treoir 2012/29/AE an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle.

4 Treoir 2017/541/AE an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle.

5 Treoir 2004/80/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cúiteamh d'íospartaigh na coireachta.

IS DÍOL SÁSAIMH DI Conclúidí ón gComhairle mhí an Mheithimh 2016 lena mbunaítear líonra neamhfhoirmiúil maidir le cearta íospartach[6].

IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil ón gCoimisiún ón gcruinniú saineolaithe ardleibhéil maidir le cearta íospartach, a bhí ar siúl sa Bhruiséil ar an 29 Eanáir 2018.

ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil gá mór le tiomantas leanúnach ón Aontas chun cearta na n-íospartach i gcoitinne a chosaint.

LEAGANN SÍ BÉIM ar an rannchuidiú sár-riachtanach a dhéanann eagraíocht ón tsochaí shibhialta agus eagraíochtaí íospartach maidir le tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta.

TUGANN SÍ DÁ hAIRE Treoirlínte 2005 ó Chomhairle na hEorpa (arna n-athbhreithniú in 2017) maidir le feabhas a chur ar thacaíocht, ar fhaisnéis agus ar chúiteamh d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta.

MEABHRAÍONN SÍ Straitéis Dhomhanda Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe[7] ina leagtar béim ar an ngá atá le cearta íospartaigh na sceimhlitheoireachta a chur chun cinn agus a chosaint.

Ar an gcaoi chéanna, MEABHRAÍTEAR DI Rún 2322 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 12 Nollaig 2016 maidir le cúnamh idirnáisiúnta dlí i gcás na sceimhlitheoireachta.

ATHDHEARBHAÍTEAR a mórdhlúthpháirtíocht le híospartaigh na sceimhlitheoireachta agus a muintir , agus CUIRTEAR I bhFIOS GO LÁIDIR ann a thábhachtaí atá sé cúnamh a thabhairt d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta agus tacaíocht a thabhairt dóibh agus dá dteaghlaigh chun déileáil lena mbris agus lena ndobhrón.

[6] 8960/16.

[7] Rún 60/288 an 8 Meán Fómhair 2006 lena nglactar an Straitéis Dhomhanda Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe.

IARRTAR AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

Agus sonraíocht agus riachtanais speisialta an ghrúpa daoine sin á gcur san áireamh, na forálacha a leagtar amach i dTreoir 2017/541/AE maidir le cosaint, tacaíocht agus cearta íospartaigh na sceimhlitheoireachta a THRASUÍ go héifeachtach, i gcás inarb infheidhme.

Cur i bhfeidhm praiticiúil fhorálacha Threoir 2012/29/AE - forálacha atá infheidhme maidir le híospartaigh uile na coireachta uile, lena n-áirítear íospartaigh na sceimhlitheoireachta, agus ar tacar láidir ceart d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta iad i dteannta Threoir 2017/547/AE - a THRASUÍ AGUS A ÁIRITHIÚ go héifeachtach, i gcás inarb infheidhme.

Pointe teagmhála náisiúnta a AINMNIÚ a bheidh freagrach as faisnéis a sholáthar maidir leis an tacaíocht, leis an gcúnamh, leis an gcosaint agus leis an gcóras cúitimh atá ar fáil d'íospartaigh, d'fhonn mearmhalartú faisnéise agus cúnaimh a éascú i gcás ionsaí sceimhlitheoireachta.

Comhar agus sineirgí a SPREAGADH le struchtúir de chuid an Aontais atá ann cheana amhail Líonra Eorpach Neamhfhoirmiúil maidir le Cearta Íospartach, an Gréasán Breithiúnach Eorpach (EJN), EUROJUST agus líonraí bainistithe póilíneachta agus géarchéime de chuid an Aontais.

Taithí agus dea-chleachtas maidir le cúnamh agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta a MHALARTÚ agus i gcomhar leis an gCoimisiún an fhéidearthacht a mheas maidir le treoirleabhar dea-chleachtais i gcás ionsaí sceimhlitheoireachta i mBallstát a fhoilsiú chun cuidiú le comhordú agus le mearmhalartú faisnéise idir na húdaráis atá freagrach as tacaíocht agus cúnamh a thabhairt d'íospartaigh.

IARRTAR AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH

TACÚ le hIonad Comhordaithe d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta a bhunú, a bheadh mar lárionad ina mbaileofaí an saineolas is gá maidir leis an ábhar ar fad a bhaineann le híospartaigh na sceimhlitheoireachta agus a chuideodh leis na Ballstáit trí fhoráil a dhéanamh do threoirleabhar dea-chleachtais maidir le cur chuige i gcás ionsaí sceimhlitheoireachta agus maidir leis an gcaoi le hullmhúcháin a dhéanamh nuair a bheadh baol ionsaí sceimhlitheoireachta ann.

TACÚ leis na Ballstáit maidir le taithí agus dea-chleachtas a mhalartú, agus gníomhaíochtaí sonracha oiliúna a chur chun cinn lena ndírítear ar ghairmithe a chuireann tacaíocht agus cúnamh ar fáil d'íospartaigh.